

# Staitisticí ar an gCáin Maoine Áitiúil (CMÁ) 2019

## Réamhstaitisticí (Iúil 2019)

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís a rinneadh ar thuairisceáin a tíolacadh agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le CMÁ.

Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh ar Chlár CMÁ na gCoimisinéirí Ioncaim a bheachtú agus dá réir sin ní sonraí críochnaitheacha iad na sonraí atá san áireamh agus teastaíodh roinnt áirithe meastacháin a dhéanamh.

Díríonn na staitisticí san eisiúint seo ar CMÁ 2019.

Foilseofar nuashonruithe in am trátha ag: <https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/local-property-tax/index.aspx>. Tá staitisticí i leith blianta roimhe ar fáil ar an leathanach céanna chomh maith.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le CMÁ a sheoladh chuig [statistics@revenue.ie](mailto:statistics@revenue.ie).



## **Fáltais 2019**

Aistríodh fáltais CMÁ de €482m chuig an gCiste Rialtais Áitiúil do dtí seo in 2019.

Áirítear riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) sna fáltais seo chomh maith. Ó ghlac na Coimisinéirí Ioncaim freagracht as riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) ó 1 Iúil 2013, bailíodh €72m (lena n-áirítear €0.8m in 2019).

## **Comhlíontacht CMÁ 2019**

Meastar gurb ionann an ráta comhlíontachta CMÁ in 2019 agus 96% faoi láthair, rud atá cothrom leis an tráth seo anuraidh, agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú ar an uimhir sin i gcaitheamh na bliana.\*

Ó Feabhra 2019, eisíodh breis agus 196,000 litir um chomhlíontacht maidir le dliteanas gach bliana agus tá an feachtas comhlíontachta ag leanúint ar aghaidh. Cé go bhfuil formhór mór d'úinéirí maoine tar éis a ndualgaisí CMÁ a chomhlíonadh, tá líon beag cásanna neamhchomhlíontacha ann áfach, a d'fhág na Coimisinéirí Ioncaim gan rogha eile ach pionóis chomhlíontachta a ghearradh chun íocaíocht a chinntiú. Dá ainneoin sin, áfach, bhíothas in ann roinnt de na cásanna seo a réiteach ina dhiaidh sin gan leanúint ar aghaidh leis na pionóis éagsúla.

Ó Eanáir 2019, atreoraíodh níos mó ná 350 cás go dtí seo chuig Sirriamaí nó Dílódóirí. Díobh seo, tá 29 de na cásanna seo imithe thar chéim an éilimh go dtí gníomh iomlán bailithe/forfheidhmiúcháin fiachais.

Ó Eanáir 2019, diúltaíodh níos mó ná 7,845 iarratas ar imréiteach cánach mar gheall ar neamhchomhlíontacht CMÁ, agus deonaíodh imréiteach ina dhiaidh sin do thuairim agus 97% díobh sin nuair a aontaíodh socruithe íocaíochta. Gearradh breis agus 3,100 formhuirir Cánach Ioncaim agus Cánach Corparáide de bhun neamhchomhlíontacht CMÁ, agus as na cásanna ar iarradh athbhreithnithe ina leith, baineadh nó maolaíodh breis agus 70% de na formhuirir tar éis na dliteanais CMÁ a íoc.

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag asbhaint CMÁ ag an bhfoinse do 2019 i leith 89,000 maoin faoi réir asbhaint éigeantach in 2018. Ó mhí an Mhárta 2019, eisíodh breis agus 12,800 treoir bhreise asbhainte chuig fostóirí/soláthraithe pinsin i ndáil le húnéirí maoine neamhchomhlíontacha. Eiseofar tuilleadh treoracha sna míonna atá romhainn maidir le húnéirí maoine ar theip orthu gníomhú de bhun litreacha comhlíontachta a eisíodh le déanaí.

Chomh maith leis sin, méadaíodh an luacháil ar bhreis agus 13,680 maoin, ag eascairt ó mheascán d'fhéincheartú agus dúshláin ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Tiocfaidh athrú ar na huimhreacha seo le himeacht ama de réir mar a roghnaíonn úinéirí maoine a chúrsaí CMÁ a chur ina cheart.

\*Déantar an ráta comhlíontachta a ríomh ó fhiigiúr ionchasach ón gClár a fhaightear ó fhaisnéis Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011/2016 agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.

## Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil le haghaidh 2019

Bhain naoi gcinn d'Údarás Áitiúla leas as an deis an ráta CMÁ do 2019 a athrú (i gcomparáid leis an ráta caighdeánach CMÁ), a chlúdaíonn beagnach 0.7m maoin (seachas maoin na nÚdarás Áitiúil), agus chuir siad na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas maidir lena gcinneadh ar an 28 Méan Fómhair 2018.

Tá na hathruithe cuí déanta go huathoibríoch ag na Coimisinéirí Ioncaim i leith úinéirí maoin.

Léirítear sa tábla thíos raon suimeanna íocaíochtaí CMÁ le haghaidh 2019 tar éis an Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil le haghaidh CMÁ 2019 a chur i bhfeidhm.

Sa chás nach ndearnadh athruithe maidir leis an bhFachtóir Coigeartaithe Áitiúil, cuirfear na rátaí caighdeánacha CMÁ i bhfeidhm: 0.18% ar bhandaí luachála suas le €1m, agus 0.25% ar an luach atá ós cionn €1m.

Banda	Réimse Luacha Maoine	An Ráta Caighdeánach (€)	+15% (€)	+10% (€)	+7.5% (€)	+2.5% (€)	-10% (€)	-15% (€)
1	€0-100k	90	104	99	97	92	81	76
2	€100-150k	225	259	247	242	231	203	191
3	€150-200k	315	362	346	339	323	284	267
4	€200-250k	405	466	445	435	415	365	344
5	€250-300k	495	569	544	532	507	446	420
6	€300-350k	585	673	643	629	600	527	497
7	€350-400k	675	776	742	726	692	608	573
8	€400-450k	765	880	841	822	784	689	650
10	€500-550k	945	1,087	1,039	1,016	969	851	803
12	€600-650k	1,125	1,294	1,237	1,209	1,153	1,013	956
14	€700-750k	1,305	1,501	1,435	1,403	1,338	1,175	1,109
16	€800-850k	1,485	1,708	1,633	1,596	1,522	1,337	1,262
18	€900-950k	1,665	1,915	1,831	1,790	1,707	1,499	1,415
€1m	€1m+	1,800	2,070	1,980	1,935	1,845	1,620	1,530
€1.5m	€1m+	3,050	3,508	3,355	3,279	3,126	2,745	2,592
		<b>22 Comhairle</b>	<b>An Longfort</b>	<b>Loch Garman Laois</b>	<b>Luimneach</b>	<b>Port Láirge</b>	<b>Fine Gall</b>	<b>Cathair Bhaile Átha Cliath Dún Laoghaire-Ráth an Dúin Baile Átha</b>

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

## Anailís de réir Údarás Áitiúil – Bailiú agus Comhlíontacht i leith 2019 go dtí seo

Réamhanailís atá san anailís seo. Tá roinnt meastacháin i gceist le dáileadh na bhfigiúirí agus na suimeanna de réir Údarás Áitiúil.

Údarás Áitiúil	Maoine Tuairiscithe *	Ráta Comhlíontachta **	CMÁ Bailithe ***
	CMÁ 2019 (i bhfoirm mílte)	CMÁ 2019 (%)	CMÁ 2019 (€ milliún)
Baile Átha Cliath Theas	98.0	98.3	18.0
Cathair Bhaile Átha Cliath	228.8	92.4	51.8
An Cabhán	30.7	97.2	3.4
Ceatharlach	22.9	97.8	2.9
Ciarraí	68.4	94.0	11.3
Cill Chainnigh	36.8	97.1	5.5
Cill Dara	78.9	97.8	14.7
Cill Mhantáin	52.8	96.6	12.0
An Clár	53.0	97.7	7.8
Cathair Chorcaí	53.8	94.8	8.8
Contae Chorcaí	166.7	97.5	30.3
Dún Laoghaire–Ráth an Dúin	83.7	95.3	31.5
Dún na nGall	72.5	91.3	8.6
Fine Gall	103.7	99.5	22.8
Cathair na Gaillimhe	32.2	96.9	6.4
Contae na Gaillimhe	71.8	96.8	10.9
An Iarmhí	35.9	97.6	4.7
Laois	30.6	99.1	3.8
Liatroim	16.2	94.2	1.7
Loch Garman	64.4	96.7	10.0
An Longfort	17.0	94.7	2.0
Lú	50.1	96.0	6.8
Cathair & Contae Luimnigh	78.8	95.9	12.3
Maigh Eo	59.1	94.2	8.2
An Mhí	68.7	98.0	11.6
Muineachán	23.0	95.7	3.0
Cathair & Contae Port Láirge	51.0	96.0	7.1
Ros Comáin	28.0	97.0	3.2
Sligeach	30.4	95.7	4.0
Tiobraid Árann	65.2	96.5	9.1
Uíbh Fhailí	28.7	96.1	3.6
	<b>1,901</b>	<b>96</b>	<b>338</b>

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

\* Lena n-áirítear treoracha tar-rollta (0.80m), treoracha nua (0.80m), maoine faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil (0.14m), maoine a bhfuil mír oibre na gCoimisinéirí Ioncaim i ngníomh (0.01m) agus maoine ar gearradh asbhaint éigeantach ag an bhfoinse (0.10m) ina leith.

\*Ríomhtar an ráta comhlíontachta ar fhiigiúr ionchasach ón gClár a fhaightear ó eolas Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011/2016 agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair go fóill ag leanúint ar aghaidh le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.

\*\*\* Folaíonn an CMÁ a bailíodh do 2019 réamhíocaíochtaí €63m a fuarthas in 2018 agus €275m a fuarthas in 2019 go dtí seo. Folaítear chomh maith sna fáiltais a aistríodh chuig an gCiste Rialtais Áitiúla in 2019 (go dtí seo) €14m le haghaidh CMÁ i mblianta roimhe agus €0.8m den Mhuirear Teaghlaigh.

## **Anailís de réir Údarás Áitiúil – Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse i leith 2019**

Cuireadh asbhaint éigeantach ag an bhfoinse i leith CMÁ i bhfeidhm ar thuairim agus 100,000 maoin le haghaidh CMÁ i leith 2019. Léirítear ar an tábla thíos dáileadh na maoin seo de réir Údarás Áitiúil i ngach aon bhliain.

Athraíonn na figiúirí seo de réir mar a chuireann úinéirí maoin a gcúrsaí cánach ina gceart. Réamhanailís atá i gceist leis an anailís, agus tá roinnt meastacháin i gceist le dáileadh na bhfigiúirí de réir Údarás Áitiúil.

<b>Údarás Áitiúil</b>	<b>Maoine faoi réir Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse CMÁ 2019 (%)</b>
Baile Átha Cliath	5.6
Cathair Bhaile Átha	9.8
An Cabhán	1.8
Ceatharlach	1.4
Ciarraí	2.8
Cill Chainnigh	2.2
Cill Dara	4.9
Cill Mhantáin	2.6
An Clár	2.8
Cathair Chorcaí	2.2
Contae Chorcaí	9.1
Dún Laoghaire – Ráth	2.6
Dún na nGall	3.5
Fine Gall	6.1
Cathair na Gaillimhe	1.5
Contae na Gaillimhe	3.9
An Iarmhí	2.3
Laois	2.3
Liatroim	0.9
Loch Garman	3.3
An Longfort	0.9
Lú	3.4
Cathair & Contae	4.4
Maigh Eo	2.7
An Mhí	4.6
Muineachán	1.2
Cathair & Contae Port Láirge	2.9
Ros Comáin	1.5
Sligeach	1.6
Tiobraid Árann	3.4
Uíbh Fhailí	1.8
	<b>100</b>

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

## **Modhanna Íocaíochta le haqhaidh 2019**

<b>Cineál Íocaíochta</b>	<b>CMÁ 2019* (%)</b>
Asbhaint ag an bhFoinse	15.9
Cárta Creidmheasa	6.8
Cárta Dochair	17.5
Dochair Díreach	23.3
Íocaíocht Eile	4.9
Soláthraí Seirbhíse	13.1
Treoir Dochair Bhliantúil*	17.9
Údarú Dochair Aonair	0.6
	<b>100</b>

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2019 bunaithe ar thar-rolladh 2018 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2019.

\*\* Is éard is Treoir Dochair Bhliantúil (TDB) ann ná modh íocaíocht roghnach i leith bliain amháin nó blianta iomadúla.

## Éilimh ar Dhíolúine nó Iarchur i leith 2019

Bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 49,000 éileamh ann ar dhíolúine ó mhaoine a bhfuil tuairisceáin tíolactha ina leith le haghaidh 2019.

Cineál na Díolúine (Féinmheasúnú)	CMÁ 2019 *	
	Líon (i bhfoirm mílte)	%
Áit chónaithe duine faoi éagumas dian	2.0	4.1
Comhlachtaí carthanúla (cóiríocht riachtanas speisialta)	8.2	16.6
Comhlachtaí carthanúla (gníomhaíochtaí áineasa)	0.2	0.5
Damáiste suntasach piríte	1.7	3.4
Eastáit tithíochta neamhchríochnaithe	3.31	6.7
Maoine áirithe a ceannaíodh idir 1/1/2013 agus 31/12/2013	11.5	23.5
Maoine fágtha mar gheall ar bhreiteacht mheabhrach/fhisiceach fhadtréimhseach	7.6	15.5
Maoine go hiomlán faoi réir rátaí tráchtála	2.4	4.9
Stoc trádála tógálaí/forbróra (nár díoladh ar an 1/5/2013 nó a díoladh sa tréimhse idir 1/1/2013 agus 31/10/2019)**	11.6	23.5
Tithe altranais cláraithe	0.3	0.6
Tithe soghluaiste	0.3	0.6
	<b>49</b>	<b>100</b>

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2019 bunaithe ar thar-rolladh 2018 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2019.

\*\* Ní fholaíonn sé seo ach amháin maoine ar thíolaic duine dlíteanach tuairisceán ina leith ag éileamh na díolúine. Sa chás gur ceannaíodh maoine nua agus neamhúsáidte roimhe sin le linn na tréimhse luachála reatha (2013–2019) níl aon dualgas ann tuairisceán CMÁ a thíolacadh de bhrí nach bhfuil siad faoi dhlíteanas cánach go dtí an chéad tréimhse eile luachála. Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, sonraí a bhaineann le maoine nua agus maoine nár úsáideadh roimhe ar an gClár CMÁ trí thaifid Dleachta Stampa agus trí fhoinsí éagsúla eile faisnéise ach ní áirítear anseo iad de bhrí nach meastar iad a bheith dlíteanach i leith 2013–2019.

Bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 52,000 éileamh ann ar iarchur in 2019. Éilítear an formhór díobh trí thuairisceáin CMÁ ach is gá roinnt éileamh ar iarchur (le haghaidh Caillteanas Suntasach Airgeadais, mar shampla) a éileamh ar fhoirmeacha ar leithligh a thíolactar do na Coimisinéirí Ioncaim.

Éilimh ar Iarchur	CMÁ 2019*	
	Líon (i bhfoirm mílte)	%
Caillteanas Suntasach Airgeadais	0.2	0.5
Duine Dlíteanach Dócmhainneach	0.9	1.7
Faoin Tairseach Ioncaim	50.5	96.6
Seiceadóir/Riarthóir Eastáit	0.7	1.3
	<b>52</b>	<b>100</b>

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

\*Is réamh-mheastacháin iad figiúirí 2019 bunaithe ar thar-rolladh 2018 agus ar threoracha nua a fuarthas go dtí seo i leith 2019.